Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **Cheist 1**, **Roinn A** agus **Roinn B**, agus **trí** cheist eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

**ROINN A – 30 marc**

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:




**(a)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag baint úsáide as scrollsábh chun aicrileach a ghearradh.

**(b)** Mínigh an téarma *alt buan*.


**(c)** Ainmnigh **dhá** fheiste ionchuir ríomhaireachta **ar bith**.

**(d)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreonach dá seasann an tsiombail a thaispeántar agus mol feidhm **amháin** oiriúnach di.






**(e)** Luaigh táirge deiridh **amháin** den phróiseas *múnláil shéidte*.

**(f)** Ainmnigh an cineál fórsa atá á chur i bhfeidhm ar lann an tsáibh mhiotail a thaispeántar.



**(g)** Ainmnigh an **dá** shnáithchruth a thaispeántar.

**(i)** 

**(ii)** 

**(h)** Ainmnigh an gléas tomhais a thaispeántar agus mol feidhm **amháin** oiriúnach dó.



**ROINN B – 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:



Gunna preabsheama



Meicníocht raicín agus ceapachóra



Teallach prásála.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Ríomhaire táibléid, Scanóir, Meáin sruthaithe, Printéir 3T.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *intuargainteacht* agus ainmnigh ábhar atá intuargainte.


**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Friotóir solas-spleách (LDR), Comhbhrúiteoir, Greanadh, Cnó féinghlasála.

**(m)** Ainmnigh an **dá** chóras tiomána a thaispeántar ag **(i)** agus **(ii)**.



**(i)**



**(ii)**

**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh ábhar oiriúnach as a bhféadfaí **gach** comhpháirt liostaithe thíos a mhonarú:

**(i)** Casdruilire, **(ii)** Dóire breosla, **(iii)** Fráma rothair.







**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Amhiarann, **(ii)** Cruach ghalbhánaithe, **(iii)** Tuyere, **(iv)** Stánphláta.

**(c)** **(i)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na miotail liostaithe thíos agus, i **ngach** cás, ainmnigh foirnéis oiriúnach a úsáidtear i dtáirgeadh an mhiotail:

Iarann teilgthe, Cruach ardcharbóin, Muciarann.

**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh ó léaráid oiriúnach, ar **cheann amháin** de na foirnéisí a ainmníodh in **2(c)(i)** thuas.


**(d)** Ainmnigh **dhá** *chóimhiotal* **ar bith** agus luaigh úsáid oiriúnach do **gach ceann** díobh.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis **ar bith** a ndéantar teaschóireáil ar mhiotail.

**(ii)** Ainmnigh **trí** phróiseas teaschóireála is féidir a chur i bhfeidhm ar chruacha.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** phróiseas teaschóireála a chuirtear i bhfeidhm ar an líomhán a thaispeántar.



**(c)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé riachtanach spéaclaí cosanta a chaitheamh nuair a bhíonn teaschóireáil á déanamh ar mhiotail.



**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna seo a leanas a bhaineann le miotail:

**(i)** Leaisteachas, **(ii)** Righneas, **(iii)** Seoltacht.

**NÓ**

**(d)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid a bhaint as an róbataic i dtionscal na déantúsaíochta.



**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos, le cúnamh ó léaráidí oiriúnacha, ar chomhdhéanamh na lasracha ocsaicéitiléine seo a leanas:

**(i)** Lasair ocsaídiúcháin, **(ii)** Lasair neodrach, **(iii)** Lasair charbraithe.

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le táthú:

**(i)** Teanntán talmhaithe, **(ii)** Masc táthúcháin,
**(iii)** Brúthomhsaire, **(iv)** Coscaire cúlsplaince.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil gá le flosc nuair a bhítear ag sádráil.
**(ii)** Ainmnigh an scriú meaisín speisialta a thaispeántar agus mol feidhm oiriúnach dó.
**(iii)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag spot-táthú.
**(iv)** Ainmnigh an cineál leicneáin a thaispeántar agus mol feidhm oiriúnach dó.




**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag baint úsáide as iarann sádrála leictreach.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)**

**A** **B** **C**



**(i)** Ainmnigh na **trí** phróiseas déantúsaíochta earraí plaisteacha a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C** thuas.

**(ii)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis déantúsaíochta **A**, **B** nó **C** a thaispeántar thuas agus ainmnigh comhpháirt **amháin** a tháirgtear de thoradh an phróisis seo.

**(b)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar oibríocht **ceann amháin** acu seo a leanas **agus** ainmnigh feidhm oiriúnach dó:

**(i)** Stialltéitheoir;
**(ii)** Umar plaisteach tumbhrataithe.


**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba cheart a chomhlíonadh nuair a úsáidtear greamacháin chun bileog aicrileach a nascáil.

**(d)** Ainmnigh plaisteach a úsáidtear i monarú **gach ceann** acu seo a leanas:

**(i)** Insliú cuasbhalla, **(ii)** Roth giair.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Tá an roth a thaispeántar le casadh ar dheil as barra alúmanaim dar trastomhas 30 mm. Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na hoibríochtaí deile a úsáidtear chun an roth a dhéanamh.



**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Lárdhruilire, **(ii)** Uillinn sciota, **(iii)** Foirbeadh, **(iv)** Uillinn scóipe.

**(c)** Taispeántar páirt de dheil láir thall.




**(i)** Ainmnigh an pháirt seo den deil.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** oibríocht is féidir a dhéanamh ar dheil láir ag baint úsáide as an bpáirt a thaispeántar.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir a chomhlíonadh agus an pháirt seo den deil in úsáid.

**NÓ**

**(c)** Taispeántar deil CNC thíos.



**(i)** Cad dó a sheasann na litreacha CNC?

**(ii)** Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** atá ag deil CNC ar dheil láimhe.


**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir a chomhlíonadh agus deil CNC á húsáid.

**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos, agus sceitsí á n-úsáid agat, ar an difríocht idir glanoiriúint agus bacoiriúint i gcóimeáil seafta agus poill.


**(b)** Cuirtear poll i bpláta práis de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh:
- **(i)** Trastomhas ainmniúil an phoill;
- **(ii)** Íos-trastomhas an phoill;
- **(iii)** Uas-trastomhas an phoill;
- **(iv)** Lamháltas an phoill.




**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí í a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** do **gach** uirlis a ainmnítear.


**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **gach ceann** de na chomhpháirteanna leictreonacha dá seasann na siombailí ciorcaid a thaispeántar agus tabhair breac-chuntas ar fheidhm **gach** comhpháirte a ainmnítear.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**

# Leathanach Bán

Leathanach Bán